Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. en)

9877/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0161(NLE)**

SCH-EVAL 82
ENFOPOL 321
COMIX 301

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9876/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an **mBeilg** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

1. Tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú a bheith glactha ag an gComhairle, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Bheilg ar acquis Schengen i réimse an chomhair póilíneachta in 2021.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Bheilg i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le comhar póilíneachta.

3. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh an 23 Meitheamh 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 9876/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.